Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

12312/1/25
REV 1 ADD 1

| | |
|---|---|
| **ECOFIN 1115** | **EF 272** |
| **CADREFIN 156** | **TELECOM 272** |
| **CODEC 1177** | **IA 111** |
| **COMPET 823** | **CULT 92** |
| **RECH 366** | **AUDIO 73** |
| **ENER 414** | **INDEF 88** |
| **TRANS 349** | **COARM 152** |
| **ENV 780** | **CONOP 50** |
| **EDUC 344** | |
| ***ECB*** | ***EIB*** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3802 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3802 annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 3802 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2025
C(2025) 3802 final/2

ANNEX

ADDENDUM
This document corrects document C(2025) 3802 final of 28.8.2025.
Concerns all language versions.
Insertion of the reference to the linked Staff Working Document SWD(2025) 820 final.
The text shall read as follows:

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann le***

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU**

{SWD(2025) 820 final}

**IARSCRÍBHINN**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.10 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078:

**'2.10 Infheistíochtaí straitéiseacha**

Féadfaidh oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta faoi InvestEU rannchuidiú le gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2021/523. Measfar na gníomhaíochtaí sin a bheith ina n-infheistíochtaí straitéiseacha más rud é:

(a) go mbaineann siad le tionscadail agus le faighteoirí deiridh lena ngabhann rioscaí do shlándáil nó d'ord poiblí an Aontais, a mBallstát nó tíortha atá comhlachaithe leis an gclár InvestEU ('tíortha comhlachaithe'), go háirithe infheistíochtaí in earnálacha na cosanta agus an spáis agus sa chibearshlándáil:

(i) maidir leis an gcosaint, infheistíochtaí agus táirgí a fhorbraítear go príomha le haghaidh feidhmeanna míleata,

(ii) maidir leis an spás, infheistíochtaí sna táirgí seo a leanas:

—cloig adamhacha (lena n-áirítear cloig adamhacha le haghaidh chórais suite Galileo);

—lainseálaithe straitéiseacha (lena n-áirítear feithiclí spáslainseála le haghaidh córais spáis faoi rialú an Aontais);

—táirgí spáis a shainítear i liosta arna chinneadh ag an gCoimisiún ar bhonn bliantúil agus a chuirfear in iúl don Bhord Stiúrtha;

(iii)maidir leis an gcibearshlándáil, infheistíochtaí a dhírítear ar uirlisí agus ar réitigh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur chun úsáide amháin, lena n-áirítear nuair a bhaineann siad le líonraí digiteacha agus le bonneagair sonraí a chur chun úsáide nó a uasghrádú;

nó

(b) go rannchuidíonn siad le hathléimneacht an Aontais i réimsí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo dó, de réir mar a shainítear i Ranna 6.1.1.8, 6.2.1.1 agus 6.4.1.1 iad, trí thacaíocht a thabhairt do luachshlabhraí straitéiseacha agus iad a neartú agus gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo don Aontas a choinneáil ar bun agus a threisiú, lena n-áirítear Tionscadail Thábhachtacha Ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, i réimsí an bhonneagair chriticiúil, na dteicneolaíochtaí claochlaithe, na nuálaíochtaí ceannródaíocha agus na n-ionchur a dhéanann difear do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

Maidir le hoibríochtaí díreacha, áiritheoidh an comhpháirtí cur chun feidhme go n-urramóidh infheistíochtaí straitéiseacha na teorainneacha a leagtar síos sna míreanna thíos. Maidir le hoibríochtaí indíreacha, ceanglóidh an comhpháirtí cur chun feidhme go conarthach ar an idirghabhálaí airgeadais a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha céanna.

Tá feidhm ag teorainneacha maidir le faighteoirí deiridh a thagann faoi phointe (i) sa chéad mhír, seachas i gcás oibríochtaí díreacha faoi bhun EUR 10 000 000 agus i gcás idirbhearta faoi oibríochtaí indíreacha faoi bhun EUR 10 000 000.

Chun críocha na dteorainneacha a leagtar amach sa Roinn seo:

(a) is éard atá i gceist le 'rialú' an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó;

(b) is éard atá i gceist le 'bainistíocht feidhmiúcháin' comhlacht eintitis dhlíteanaigh a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, nó d'aon duine eile ag a bhfuil an chumhacht inchomparáide cinntí a dhéanamh, a bhfuil an chumhacht aige straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlíteanaigh sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;

(c) ciallaíonn 'eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe' eintiteas dlíthiúil arna bhunú i dtríú tír neamhchomhlachaithe nó, i gcás inar bunaíodh san Aontas nó i dtír comhlachaithe é, a bhfuil a bhainistíocht feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe. Cinntear áit bhunaithe an eintitis dhlíthiúil de réir shuíomh a oifige cláraithe.

Maidir le faighteoir deiridh a thagann faoi phointe (a) den chéad mhír, beidh a bhainistíocht feidhmiúcháin san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus ní bheidh sé á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná ag eintitis de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

Más rud é go bhfuil baint ag an bhfaighteoir deiridh a thagann faoi phointe (a) den chéad mhír le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na nascachta 5G, de bhun Bhosca Uirlisí Cibearshlándála 5G[1] beidh feidhm ag na bearta agus na pleananna maolaithe riosca maidir lena sholáthraithe freisin. Áirítear ar na soláthróirí sin go háirithe díoltóirí trealaimh teileachumarsáide agus monaróirí agus soláthraithe eile tríú páirtí, amhail soláthraithe néalbhonneagair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, comhtháthairí córas, conraitheoirí slándála agus cothabhála agus monaróirí trealaimh tarchurtha.

De mhaolú air sin, eintiteas dlíteanach a thagann faoi phointe (a) den chéad mhír a bhfuil baint aige le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na cosanta, a bhfuil a bhainistíocht feidhmiúcháin san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, beidh sé incháilithe le bheith ina fhaighteoir i gceann de na cásanna seo a leanas:

– Má léiríonn sé go bhfuil ráthaíocht faighte aige, arna formheas ag an mBallstát nó ag an tír chomhlachaithe ina bhfuil sé bunaithe, faoi chlár cosanta a bhfuil ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faighte aige,[2]

---

[1] An Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, Bosca Uirlisí an Aontais maidir le bearta maolaithe riosca le haghaidh Cibearshlándáil líonraí 5G, 01/2020, https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=64468

[2] Áirítear ann, *inter alia*, na cláir seo a leanas:
Rialachán (AE) 2018/1092
Rialachán (AE) 2021/697

– Má léiríonn sé, go sonrach chun críche na hoibríochta, go bhfuil ráthaíocht faighte aige, arna formheas ag an mBallstát nó ag an tír chomhlachaithe ina bhfuil sé bunaithe go tráthúil. Leis an ráthaíocht sin, tabharfar dearbhuithe nach sáróidh rannpháirtíocht eintitis dhlíthiúil den sórt sin in aon ghníomhaíocht leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat CBES de bhun Theideal V de CAE, ná na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/523. Tabharfar bunús sa ráthaíocht, go háirithe, chun críoch na hoibríochta: go bhfuil bearta i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(i) nach bhfeidhmítear rialú ar an bhfaighteoir deiridh ar bhealach a chuireann srian nó teorainn lena chumas na gníomhaíochtaí cosanta arna gcistiú ag an oibríocht a dhéanamh; agus,

(ii) go mbeidh cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis íogair nó rúnaicmithe a bhaineann le gníomhaíochtaí cosanta arna gcistiú ag an oibríocht agus go mbeidh imréiteach náisiúnta slándála arna eisiúint ag Ballstát, nó ag tír chomhlachaithe, ag na fostaithe nó ag daoine eile a bhfuil baint acu leis oibríocht, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta.

De mhaolú air sin, eintiteas dlítheanach a thagann faoi phointe (a) den chéad mhír a bhfuil baint aige le hinfheistíocht straitéiseach sa spás, a bhfuil a bhainistíocht feidhmiúcháin san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, beidh sé incháilithe le bheith ina fhaighteoir deiridh má fhaigheann sé an tarscaoileadh ón gCoimisiún arna dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/696.

Ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le deonú aon mhaolaithe ar na teorainneacha a leagtar amach i Roinn 2.10 seo.

Cé go gcumhdaítear an oibríocht mhaoiniúcháin agus infheistíochta le ráthaíocht an Aontais, gheobhaidh an faighteoir deiridh a thagann faoi phointe (i) na formheasanna ábhartha ó na Ballstáit nó ón tír chomhlachaithe ina bhfuil sé bunaithe, faoina nósanna imeachta náisiúnta atá ann cheana, chun an úinéireacht a aistriú nó ceadúnas a dheonú go heisiach do thríú tíortha neamhchomhlachaithe nó d'eintitis de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, i gcás ina n-eascróidh na cearta sin go díreach as na hoibríochtaí sin.'

---

Rialachán (AE) 2023/1525
Rialachán (AE) 2023/2418
Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle